Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.36 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á reáchtáil ag Oifig an Ombudsman.

Chuathas i mbun na freagrachta seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhí ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile a bhí orm mar An tArd-Stiúrthóirl. Thairis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú ar bhealach tráthúil. Is próiseas leantach é cothabháil na rialuithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leantach ar an gcóras agus a éifeachtacht.

Chomhlíon mé na freagrachtaí atá orm i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním leis seo go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- cuireadh gnáis fhoirmiúla ar bun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar na céimeanna réitithe cuí
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím leis seo go bhfuil creat gnás riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe, go bhfuil

- Córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ar a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialto.
- Athbhreithniú rialta ar siúl ag an ardbhainistíocht de thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig.
- Córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe um infheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal, atá cuí, i bhfeidhm.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte, seachas I gcás 3 conradh ar luach €173,000 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. I ngach cás, áfach, bhí conarthaí i bhfeidhm roimhe sin do na seirbhísí seo, tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, ach bhí siad tar éis dul in éag. Chomhaontaigh na soláthraithe seirbhíse leanúint de na conarthaí sin faoi théarmaí agus coinníollacha an chonartha bunaidh go dtí go mbeadh próisis tairisceana nua curtha ar siúl. Cuireadh comórtais tairisceana nua ar siúl le haghaidh na seirbhísí sin agus bronnadh na conarthaí iarmhartacha.

**Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá traenáilte go cuí. Feidhmíonn an t-iniúchadh inmheánach faoi chairt a faomhadh in 2013. Tá a chuid oibre stiúrtha ag anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige seo agus tá a bpleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá gnáis curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar measúnú iar-iniúchta ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Bernadette McNally**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

24 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig an Ombudsman. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meitheamh 2015

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 5,141 | 4,297 | 4,341 |
| B | An coimisiúin um chaighdeáin in oifigí poibil | 1,317 | 865 | 1,174 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 1,682 | 1556 | 1,410 |
| | **Olliomlán** | **8,140** | **6,718** | **6,925** |
| | *Bain de* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **397** | **335** | **380** |
| | **Glaniomlán** | **7,743** | **6,383** | **6,545** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,360,072 | 891,917 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,490 | 5,479 | 5,588 |
| ii | Taisteal agus cothú | 58 | 45 | 27 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 435 | 270 | 294 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 39 | 39 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhís TF seachtracha | 232 | 249 | 235 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 189 | 113 | 91 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus arthbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 206 | 84 | 108 |
| viii | Táillí dlí | 444 | 439 | 543 |
| | | 8,140 | 6,718 | 6,925 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 5,479 | 5,588 |
| Caiteachas eile | | 1,239 | 1,337 |
| **Olliomlán** | | **6,718** | **6,925** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | **335** | **380** |
| **Glaniomlán** | | **6,383** | **6,545** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (108) | | |
| Dímheas | 72 | | |
| | | (36) | (9) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 23 | | |
| Laghdú ar stoc | 2 | | |
| | | 25 | 4 |
| **Caiteachas díreach** | | **6,372** | **6,540** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,548 | 1,635 |
| **Costas glan clár** | | **8,920** | **8,175** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 19 a thabhaítear in áiteann eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | 34 | 38 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 15 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,366 | 417 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,129 | 1,150 |
| Vóta 18 Seirbhísí roinnte | 4 | — |
| | **2,548** | **1,635** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **203** | **167** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 55 | 85 |
| Stoic | 2.4 | 16 | 18 |
| Réamhíocaíochtaí | | 92 | 95 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | 134 | 18 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **297** | **216** |
| **Lúide Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 35 | 15 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 2 | (130) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 187 | 233 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **224** | **118** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **73** | **98** |
| **Glansócmhainní** | | **276** | **265** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **276** | **265** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 265 | 260 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 7,743 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | 1,360 | | |
| Vóta glan | | | 6,383 | 6,545 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,548 | 1,635 |
| Costas glan clár | 1 | | (8,920) | (8,175) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **276** | **265** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 602 | 504 | 1,106 |
| Breiseanna | 90 | 18 | 108 |
| Diúscairtí | (8) | (3) | (11) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 684 | 519 | 1,203 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 500 | 439 | 939 |
| Dímheas don bhliain | 54 | 18 | 72 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (8) | (3) | (11) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 546 | 454 | 1,000 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **138** | **65** | **203** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **102** | **65** | **167** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 60 | 90 |
| Comhardaithe eile | (5) | (5) |
| | 55 | 85 |

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 6 | 8 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 10 | 10 |
| | 16 | 18 |

| **2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 81 | 92 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 31 | 29 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 19 | 48 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 13 | 12 |
| | 144 | 181 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 28 | 34 |
| Míreanna veile creidmheasa atá ar fionraí | 15 | 18 |
| | 187 | 233 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,360 | 892 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,358) | (1,022) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2 | (130) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 55 | 85 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 134 | 18 |
| | 189 | 103 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (144) | (181) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (43) | (52) |
| | (187) | (233) |
| | | |
| | 2 | (130) |

**2.7 Tiomantais**

B'ionann iomlán na gceangaltas in-fheidhmithe dlíthiúil amhail an 31 Nollaig agus €436,000.

**2.8 Dliteanais Theagmhasacha**

Ní foláir don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) trian amháin de chostais dlí duine aonair ag teacht as cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh a íoc. Ós rud é nach bhfuil idirbheartaíocht faoi chostais curtha i gcrích, ní féidir an tsuim lena mbaineann a mheas.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,431 | 3,716 | 3,840 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 710 | 581 | 501 |
| | | 5,141 | 4,297 | 4,341 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €844,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

**Tuarastal, Pá agus Liúntais**

Tháinig gannchaitheamh €715,000 aníos mar go raibh meánlíon na mball foirne a fostaíodh sa bhliain níos lú ná an líon a formheasadh. Tháinig sé sin aníos de bharr an fhaid ama a tógadh chun folúntais a líonadh.

**Caiteachas Teagmhasach**

Bhí caiteachas ar oiliúint agus forbairt foirne níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Oifig faoi láthair ar a pleananna oiliúna agus forbartha chun a chinntiú go bhfuil nasc dlúth idir feidhm oiliúna na heagraíochta agus a riachtanais oibriúcháin.

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 851 | 549 | 602 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 466 | 316 | 572 |
| | | 1,317 | 865 | 1,174 |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €452,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis sin:

**Tuarastal, Pá agus Liúntais**

Bhí gannchaitheamh €302,000 ann mar nár cuireadh na forálacha a bhaineann le brústocaireacht a rialáil i bhfeidhm in 2014 mar a bhíothas ag súil leis. Bhí sé sin ina chúis le moill ar earcú na foirne a bhí riachtanach le haghaidh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

**Seirbhísí Comhairleoireachta**

B'ionann an buiséad le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta agus €105,000 ach caitheadh suim €22,000. Tháinig na coigiltí aníos mar nár cuireadh na forálacha a bhaineann le brústocaireacht a rialáil i bhfeidhm in 2014 mar a bhíothas ag súil leis.

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 1,208 | 1,214 | 1,146 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | 474 | 342 | 264 |
| | | 1,682 | 1,556 | 1,410 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €126,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

**Seirbhísí Dlí**

Tá foráil sa dlí gur féidir breitheanna an Choimisinéara Faisnéise agus an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil a achomharc chuig na huaschúirteanna. Is féidir go bhfuil sé deacair na costais sin a mheas go cruinn de bharr tosca amhail líon, uainiú agus fad na gcásanna sin. Chaith Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil suim €160,000 in 2014 as soláthar measta iomlán de €230,000.

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 5 | 7 | 16 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí Iomlán | 392 | 328 | 364 |
| | | 397 | 335 | 380 |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Aistríodh méid de €158,191 chuig an Státchiste le linn na bliana i ndáil le gnóthú na costais dlí ag eascairt as cás Ard-Chúirte a bhain an Comisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Fuarthas aisíoc de €1,464 ó Oifig na nOibreacha Poiblí i mhí na Nollag 2013 agus aistríodh sin go dti an Státchiste i 2014.

**Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 1 | — |
| Íoc asbhaint dheonach tuarastail | — | 12 |
| Íoc costais dlí | 158 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (159) | (11) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | 1 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 89 | 91 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,146 | 5,290 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 31 | 23 |
| Ragobair | 35 | 33 |
| ÁSPC an Fhostóra | 267 | 242 |
| **Pá iomlán** | **5,479** | **5,588** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | — | 9,774 | 10,052 |
| Ragobair agus tinrimh bhreise | 22 | — | 5,296 | 6,692 |

## 6 Costais Dlí

Seo a leanas na catagóirí de chostais dlí a íocadh i rith na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | 439 | 543 |
| Cúiteamh | — | — |
| Iomlán | 439 | 543 |

Eascraíonn na táillí dlí go príomha as achomhairc leis na Cúirteanna maidir le cinntí Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Faisnéis Chomhshaoil. Tabhaíodh caiteachas suntasach chomh maith in 2014 i ndáil le táillí dlí a thabhaigh an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí maidir le himeachtaí um athbhreithniú breithiúnach.